Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## An Déardaoin: Saol Iomlán Beo ar Son agus i Measc Chách



**Réamhrá**

'Is sampla *par excellence* é Naomh Proinsias den duine a thug aire don lucht leochaileach, agus é ina chónaí go lúcháireach fíréanta i gcomhshaol comhtháite. Is eisean éarlamh na ndaoine a bhíonn ag staidéar nó ag obair i réimse na héiceolaíochta. Taitníonn sé leis na neamh-Chríostaithe freisin. Bhí suim mhór aige i ndúile Dé ar fad, agus áit ar leith ina chroí aige do na bochtáin agus do na daoine ar an imeall. Bhí meas os cionn cách air as an lúcháir, an fhéiníobairt, an fhlaithiúlacht a léirigh sé ina shaol. Misteach a bhí ann, agus oilithreach a chónaigh ar bhealach simplí, é go hiomlán i dtiúin le Dia, leis an nádúr, leis an duine eile, agus leis féin. Léiríonn sé an nasc dobhriste atá ann idir aire a thabhairt don nádúr, ceartas a lorg do na bochtáin, tiomantas bheith ann i leith na sochaí, agus an tsíocháin inmheánach.' (An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 10)

## Gníomhaíochtaí Molta

- Lig do na daltaí an freastal a ndéanfaidís ar son an duine eile a scríobh ar nótaí Post-it agus iad a chur ar taispeáint ar bhallaí an tseomra ranga nó sa spás urnaí. Léigh rogha díobh os ard, nó bailigh le chéile mar albam iad.
- Iarr ar na daltaí a rá cé hiad na daoine tábhachtacha eile a bhaineann lena saol. Roghnaíonn gach dalta duine acu, agus smaoiníonn ar an mbealach is fearr le cabhrú leo saol iomlán beo a chaitheamh.
- Críochnaigh Bileog 1 maidir le ceartas sóisialta, ar fáil thíos (lth. 4).
- Críochnaigh Bileog 2 maidir le cearta eacnamaíocha, ar fáil thíos (lth. 5).
- Eagraigh saotharlanna beaga inar féidir leis na daltaí rólimirt a dhéanamh. Roghnaíonn an dalta carachtar áirithe le gné de thaithí an easpa dídine a chur in iúl (déagóir ag tolgshurfáil, dídeanaí sa soláthar díreach, 7rl.).
- Déan tionscadail ealaíne, filíochta nó mar mheáin dhigiteacha leis na scoláirí a léiríonn an tuiscint atá iontu maidir leis an easpa dídine agus an ceartas sóisialta.
- Bíodh seirbhís ghearr urnaí, nó tráth urnaí agaibh mar atá luaite thíos (lth. 3).
- Fiosraigh an éagsúlacht ar scoil agaibh. Tóg suirbhé de líon na náisiúnach éagsúil atá i láthair. Pléigh an scoil a bheith mar ionad fáilteach, agus conas mar is féidir í a fheabhsú ón taobh sin de.
- Tabhair cuireadh d'ionadaithe ó na heagraíochtaí a thugann aire don aicme gan dídean labhairt libh; oibrithe sóisialta, urlabhraithe ar a son, nó daoine a bhí gan dídean iad féin.
- Fiosraigh an stiogma a bhaineann leis an easpa dídine. Pléigh an dearcadh a bhíonn ag an tsochaí faoi, agus na dúshláin a bhíonn roimh na daoine gan dídean, ag díriú ar dhídeanaithe agus iad sa soláthar díreach.
- Bíodh plé eadraibh ar cheisteanna mar: 'Conas mar a bhíonn sé a bheith gan dídean?' agus 'Conas is féidir leis an tsochaí, tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil don mhuintir nach n-aithnítear, atá gan dídean?'

# Seirbhís Urnaí

## Amhrán Tosaigh

'Refugee' le Paddy Casey: https://open.spotify.com/track/3Do6dQkR5xc7UdARHCYJSK

## Guí an Phobail

A Thiarna, guímid dóibh siúd ar fud an domhain a mbíonn a gcearta á mbaint díobh.
A Thiarna éist linn.
***A Thiarna bí ceansa agus éist linn.***

A Thiarna, cabhraigh linn riar a chur orthusan in aice baile a bhfuil gá acu le haire is le ceartas.
A Thiarna éist linn.
***A Thiarna bí ceansa agus éist linn.***

A Thiarna, cabhraigh leis na daoine a mhothaíonn scoite amach, eisiata ón scoil, ón bparóiste, ón tsochaí. A Thiarna éist linn.
***A Thiarna bí ceansa agus éist linn.***

A Thiarna, tabhair spreagadh dúinn an ceartas a chur ar aghaidh inár scoil, sa pharóiste, sa tsochaí.
A Thiarna éist linn.
***A Thiarna bí ceansa agus éist linn.***

A Thiarna, cabhraigh linn an éagsúlacht atá ar scoil, sa pharóiste, sa tsochaí, a cheiliúradh.
A Thiarna éist linn.
***A Thiarna bí ceansa agus éist linn.***

## An Scrioptúr

"Óir is geal leis an Tiarna an fhíréantacht agus ní thréigfidh sé a dhílseoirí go deo.' (Salm 37:28)

'Go dtuga sé ceartbhreithiúnas ar a phobal agus cothrom do dhaoine bochta… Go ndéana sé cosaint ar dhaoine ísle an phobail; go saora sé clann na mbocht.' (Salm 72:2, 4)

'Cuireann an Tiarna an fhíréantacht i bhfeidhm; tugann sé ceart dá mbíonn faoi dhaorsmacht.' (Salm 103: 6)

## Amhrán Deiridh

'You Care for Me' le The Porter's Gate, John Guerra agus Valerie Guerra:
https://open.spotify.com/track/3n3DFcLiQsOukrzsPGVccq



# Bileog Oibre 1

Roghnaigh ábhar an cheartais shóisialta atá gar do do chroí (m.sh. easpa dídine, éagothroime, leithcheal ciníoch – nuair nach ndéileáiltear go cothrom le daoine).

Ábhar: ______________________________________

1. Cén fáth go bhfuil tuairimí láidre agat faoin topaic seo?

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

2. Cé hiad 'na daoine eile' a bhíonn ag fulaingt ón bhfadhb seo?

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

3. Cad a chuireann bac ar na daoine sin saol iomlán beo a chaitheamh?

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

4. Conas a dhéanfá rud praiticiúil le feabhas a chur ar an fhadhb seo?

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________________

# Bileog Oibre 2

Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna ansin.

> Is é teagasc sóisialta na hEaglaise é, go gcaithfear an ceart a chur i bhfeidhm ar gach aon ghné den saol eacnamaíoch, toisc go mbaineann sé le daoine indibhidiúla agus lena gcuid riachtanas. Aimsiú acmhainn, maoiniú, táirgeadh, tomhaltas, agus gach aon ghné eile den timthriall eacnamaíoch, baineann impleachtaí morálta leo gan dabht ar domhan.
>
> (An Pápa Beinidict XVI, *Caritas in Veritate*, 37)

1. Cén gaol atá ann idir an creideamh reiligiúnach agus an ghníomhaíocht gheilleagrach?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

2. Conas mar a d'fhéadfadh go mbaineann impleachtaí morálta leis an gcaitheamh airgid?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

3. Conas mar is féidir airgead a úsáid leis an gceartas sóisialta a lorg do chách?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

4. Conas mar a chuireann an ceartas sóisialta lenár bhfolláine féin, agus le folláine na sochaí?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________